


**Díol spéise daoibh, a mhúinteoirí:**

Is é aidhm aonaid Pathways scoláirí ó chúlraí éagsúla a spreagadh chun smaoineamh ar a roghanna gairme, ar an bpróiseas cinnteoireachta gairme agus smaoineamh go háirithe ar an teagasc mar shlí bheatha inmhianaithe.

Is tionscnamh de chuid an Tionscadail Conaire iad na haonaid seo, arna maoiniú ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO), atá lonnaithe san Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC).

Tá 3 aonad ann le haghaidh scoláirí an 3ú bliain, a mhaireann thart ar 2 uair an chloig an ceann.

- Aonad 1: Mo shaol ar fad
- Aonad 2: Riachtanais agus Bealaí
- Aonad 3: Réaltacht fhíorúil

Roinnt pointí tábhachtacha maidir leis an gcaoi a n-oibríonn aonaid Conairí:

- Tá na sleamhnáin réidh le húsáid sa seomra ranga.
- Tá teacht ar nótaí an mhúinteora chomh maith le treoir céim ar chéim do na gníomhaíochtaí ar gach sleamhnán sa PDF a ghabhann leis seo.
- Tá sé tábhachtach sleamhnáin a thaispeáint sa mhodh léirithe (mura moltar a mhalairt a dhéanamh sna i nótaí an mhúinteora), ós rud é go mbraitheann roinnt gníomhaíochtaí ar bheochan. Más amhlaidh go bhfuil beochan ar shleamhnán, cuirfear é sin in iúl i nótaí an mhúinteora.

- Nuair is i gcló iodálach atá téacs i nótaí an mhúinteora, tugann sé sin le fios gur cheart don mhúinteoir é a úsáid le linn bheith ag caint le scoláirí; aon uair nach bhfuil an téacs i gcló iodálach, d'fhéadfaí glacadh leis gur treoir atá ann don mhúinteoir amháin.
- Is beag ullmhúchán atá ag teastáil ar ábhair. Ó am go chéile, agus ag brath ar do chuid scoláirí, tá de rogha agat fótachóip a dhéanamh de na sleamhnáin roimh an rang. Más gníomhaíochtaí iad atá ullmhú le déanamh ina leith roimh ré, cuirfear é in iúl duit ar Shleamhnán 2 agus sna nótaí sleamhnáin.

Go raibh maith agat as triail a bhaint as na haonaid Conairí!

## Aonad 1: Scileanna agus Buanna Faoi Cheilt

**Fad:** Thart ar 2 uair a chloig

### Cuspóirí foghlama molta

Táimid ag foghlaim conas...

- ár 'saol ar fad' a shamhlú le post/gairm inmhianaithe ar intinn agat
- smaoineamh ar ról na luachanna maidir le sásamh as post agus cothromaíocht oibre/saoil
- céimeanna a thógáil chun an post/gairm a d'oirfeadh dár 'saol ar fad' a aithint
- an tábhacht a bhaineann le machnamh agus aiseolas a thabhairt/fháil san oideachas a phlé

| Sleamhnáin | Gníomhaíocht | Cad a bheidh ar bun againn? |
|---|---|---|
| 3 | | Réamheolas ar na deilbhíní |
| 4-6 | 1 | Comhairle a thabhairt bunaithe ar shampla de dhuine nach bhfuil sásta lena bpost/ngairm \| Sásamh as post agus cothromaíocht oibre/saoil reatha a mheas le post/gairm ar leith ar intinn agat |
| 7 | 2 | Plé a dhéanamh ar na céimeanna is féidir a thógáil chun oiriúnacht poist/gairme inmhianaithe a aithint agus smaoineamh ar na scileanna riachtanacha chun na céimeanna seo a thógáil |
| 8 | 3 | An chaoi is féidir le luachanna eolas a dhéanamh do chinnteoireacht maidir le poist/gairmeacha a phlé |
| 9 | 4 | Suíomhanna gréasáin fostaíochta a chuardach chun muid féin a chur ar an eolas maidir le poist/gairmeacha féideartha amach anseo |
| 10 | 5 | Smaoineamh ar an tábhacht a bhaineann le machnamh agus aiseolas san oideachas |
| 11 | | Ag seiceáil isteach leis na cuspóirí foghlama |
| 12 | Ceacht le cois | Cruthaigh fógra fostaíochta do phost/ghairm inmhianaithe amach anseo |

### Táscairí Folláine

- Athléimneach
- Nasctha
- Ardmheas
- Feasach

### Eochairscileanna

- Léamh agus scríobh a bheith agat
- Mé féin a bhainistiú
- Ag fanacht ar fónamh
- Ag bainistiú eolais agus ag smaoineamh
- A bheith cruthaitheach
- Ag obair le daoine eile
- Cumarsáid


Aonad 1, Réamheolas
Haigh, is mise Liam.
Deas buaileadh leat!
Tá mé anseo le hinsint duit go mbainimid úsáid as deilbhíní (na pictiúir bheaga thíos) san aonad seo. Cuideoidh siad sin leat an méid a bheidh á dhéanamh agat le linn na ngníomhaíochtaí éagsúla a thuiscint.
Bain sult as (agus bí ag foghlaim)!
Obair aonair
Obair beirte
Obair ghrúpa
Plé ranga
Léamh
Láithreoireacht a dhéanamh
Gníomhaíocht fhairsingthe

**SLEAMHNÁN 3**

Aonad 1, Gníomhaíocht 1



**Larissa** **Cuid 1**

Nuair a d'oibrigh mé i gcomhlacht dlíodóirí mór, níor tháinig an bealach a bhí fonn orm mo shaol a chaitheamh leis an méid a bhí ag teastáil don phost. Mar shampla, dá mbeadh margadh ag tarlú san iarnóin seans go dtiocfadh an páirtí isteach agus, 'OK, beimid anseo ar feadh na hoíche ar fad, an bhfuil aon duine ag iarraidh píotsa?' a rá. Bheadh gach duine ar bís agus bheinn féin ag smaoineamh 'Ó, nílim ag iarraidh ach dul abhaile agus féachaint ar an teilifís.' Níor tháinig sé le chéile.

Níor cheart go ndéanfá rud díreach toisc gur féidir leat é a dhéanamh go hacadúil. Is cineál pósta atá i gceist - phós mé an post mícheart. D'fhéadfainn é a fháil, ach is cosúil nár oir sé dom. I bpoist áirithe, ní mór go mbeadh an cumas agat éirí as gan bheith buartha. Chun bheith i do dhlíodóir, ní mór duit a bheith in ann an post a fhágáil i do dhiaidh nuair a théann tú abhaile. Ní mór duit a bheith in ann roinnt a dhéanamh agus ní raibh mé in ann déanamh amhlaidh. Níorbh fhéidir liom taitneamh a bhaint as an saol nuair a bhí mé buartha faoin obair. Bhí an cumas acadúil agam chun an post a dhéanamh, ach bhí sé ag milleadh mo chuid ama saor.

Is duine lách mé agus bhí mé ag bualadh le cliaint an t-am ar fad. Ní bheadh a fhios ag aon duine, ach ní raibh mé sásta. Ní raibh mé faoi bhláth.

**SLEAMHNÁN 4**

**Nótaí an mhúinteora**

Fiafraigh an bhfuil daoine i láthair a bheadh sásta cás-staidéar Larissa a léamh – Cuid 1 (ar an sleamhnán).

*Shocraigh Larissa ar dhul le dlíodóireacht nuair a bhí sí sa tsraith shinsearach. Dar le Larissa, níor bhuail sí le haon rud ina post mar dhlíodóir nach raibh sí ag súil leis – bhí gach rud díreach mar a shamhlaigh sí a bheadh ach amháin an mothú sin a buaileadh í fad is a bhíodh sí i mbun oibre: ní raibh sí ag súil leis sin. Níor thaitin sé sin léi beag ná mór.*

Roinn an rang i mbeirteanna.

*Pléigh é seo le do pháirtí comhrá: an chaoi a mbraitheann Larissa faoina post le comhlacht dlíodóirí mór le rá agus na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith taobh thiar de seo.*

Faigh aiseolas ó rogha péirí.

Déan plé ranga uile a éascú agus leas á bhaint agat as an leid seo a leanas:

- *Dá gcasfaí Larissa ort ag an bpointe seo ina saol, cad í an chomhairle a chuirfeá uirthi?*




**SLEAMHNÁN 5**

**Nótaí an mhúinteora (Tabhair faoi deara: beidh gá leis an idirlíon chun an gníomhaíocht seo a dhéanamh)**

Fiafraigh den rang ar chuala éinne trácht ar Ken Robinson? Má chuala, iarr ar na scoláirí an méid atá ar eolas acu faoi a roinnt.

*B'údar, cainteoir agus Ollamh le hOideachas é Ken Robinson (1950-2020) arbh as an Ríocht Aontaithe ó dhúchas dó. Bhí sé ina shaineolaí ar na healaíona, ar chultúr agus ar chúrsaí nuálaíochta agus thug sé comhairle do rialtais éagsúla maidir leis an gcóras oideachais a bhí acu. Tá trí chaint a thug sé uaidh ar na*Ted Talks is mó a féachadh orthu riamh (féach: Sir Ken Robinson).

*Féachaimid ar fhíseán anois agus guthú ag Ken Robinson air. Le linn féachaint air, breac síos pé focail nó frásaí a mhúsclaíonn do spéis nó atá spreagúil nó atá deisbhéalach, dar leat*

Cuir an físeán ar siúl (1.29 nóiméad) (féach Conas a athrófá an saol ó bhonn dá mba fútsa a bheadh sé?)

Ag brath ar do rang, seans nár mhiste an físeán a chur ar siúl faoi dhó.

Faigh aiseolas ó shampla ionadaíoch de na ghrúpaí.




**SLEAMHNÁN 6**

**Nótaí an mhúinteora (*Cliceáil le haghaidh 2 bheochan)**

*Nuair a fiafraíodh de Larissa cén chomhairle a chuirfeadh sí ar dhaoine óga ag cur is ag cúiteamh leo féin faoin bpost/gairm bheatha a thaitneodh leo amach anseo, dúirt sí:*

> *Ní mór duit smaoineamh ar an saol ar fad a bhaineann le post ar leith. Do chaighdeán saoil agus do phearsantacht – ní mór duit smaoineamh orthu siúd freisin. Fiafraigh díot féin 'An mbeinn sásta le saol mar sin a chaitheamh?'*

*Nuair a luann sí 'an saol uile a bhaineann le post ar leith', is an sásamh atá le baint as post agus an chothromaíocht oibre is saoil a ghabhann leis atá i gceist ag Larissa i ndáiríre. An bhfuil a fhios ag éinne cad is brí leis na téarmaí 'sásamh as post' agus 'cothromaíocht oibre is saoil'?*

Ag brath ar do rang, b'fhéidir gur mhaith leat na sainmhínithe seo a leanas a roinnt:

*Is ionann sásamh as post agus an méid sásaimh agus sonais a bhaineann duine as a p(h)ost/g(h)airm bheatha tríd is tríd. Braitheann an méid sásaimh a fhaigheann duine óna p(h)ost ar chúinsí intreacha (inmheánacha) agus eistreacha (seachtracha) a bhaineann le dálaí oibre ar leith, cúiteamh airgid, caidrimh san ionad oibre agus le tairbhí eile.*

*Braitheann cothromaíocht oibre is saoil ar an gcoibhneas idir an méid ama agus dúthrachta a chaitheann duine lena p(h)oist agus an méid ama agus dúthrachta atá fágtha acu le caitheamh ar a saol pearsanta. Ní lia duine ná barúil faoin gcaoi cheart le cothromaíocht a bhaint amach idir dualgais teaghlaigh, dualgais phearsanta, do mhianta féin a shásamh, gníomhaíochtaí scíthe agus obair - agus níl an chothromaíocht oibre is saoil chéanna le fáil i ngach post/gairm bheatha.*

*D'fhéadfaí a rá gur cineál 'poist' é a bheith i do dhalta meánscoile. Machnaigh ar feadh nóiméid ar conas mar atá an sásamh poist agus cothromaíocht oibre is saoil i do shaol féin.*

* **Cliceáil** chun an chéad ráiteas ó Ken Robinson a thaispeáint

*Dúirt Ken Robinson tráth, 'Má bhainimid leas as ár samhlaíocht, is féidir céim a thógáil siar ón am atá i láthair* [agus] *súil chun cinn a chaitheamh ar a bhfuil i ndán dúinn.' Cad a bhí i gceist aige leis seo, meas tú?*

* **Cliceáil** chun an dara ráiteas ó Ken Robinson a thaispeáint


*Déanaimis machnamh ar feadh cúpla nóiméad ar a bhfuil i ndán dúinn féin – machnaigh ar cén post/gairm bheatha a thaitneodh leat b'fhéidir agus an tionchar a bheadh aige seo ar 'do shaol uile'.*

*Ag deireadh an fhíseáin, iarradh orainn críoch a chur le habairt a thosaíonn mar seo: 'Samhlaigh dá...' Críochnaigh an abairt seo ar bhealach a chuireann an post/gairm bheatha a thaitneodh leat amach anseo agus do 'shaol uile' san áireamh.*

**Tabhair faoi deara:** Seans nach mbeidh tuairim róchruinn ag daltaí áirithe faoin bpost/gairm bheatha a thaitneodh leo. Más amhlaidh atá b'fhéidir nár mhiste a rá le daltaí go bhfuil cead acu a n-abairt 'Samhlaigh dá...' a cheapadh faoi phost/gairm bheatha a bhfuil cur amach acu air, an mhúinteoireacht, cuir i gcás.

Faigh aiseolas ó shampla ionadaíoch de na grúpaí.

**NB:** Seans gur deis mhaith é seo chun do thaithí féin mar mhúinteoir a roinnt leo agus cuntas a thabhairt ar an méid sásaimh a bhaineann tú as, an chothromaíocht oibre is saoil atá agat srl.




**SLEAMHNÁN 7**

**Nótaí an mhúinteora**

Ag brath ar do rang, seans nár mhiste cás-staidéar Larissa a léamh arís – Cuid 1 (Sleamhnán 4).

Iarr ar a bhfuil i láthair an bhfuil daoine ann a bheadh sásta cás-staidéar Larissa a léamh – Cuid 2 (féach thuas).

Déan plé ranga uile a éascú agus leas á bhaint agat as na ceisteanna seo a leanas mar leideanna:

- *Rinne Larissa cúpla rud le fáil amach an n-oireann múinteoireacht di mar cheird. Cad a rinne sí?* [Freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt: Rinne sí machnamh ar na gnéithe dá post faoi láthair a thaitníonn léi; ghlaoigh sí ar scoil agus d'fhiafraigh sí an féidir léi breathnú ar rang ar feadh lae.]
- *Cad iad na scileanna ar bhain Larissa leas astu nuair a rinne sí na rudaí seo?* [Freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt: féinmhachnamh agus breithmheas (nuair a rinne sí machnamh ar na gnéithe dá post faoi láthair a thaitníonn léi), cumarsáid (nuair a labhair sí leis an bpríomhoide agus a d'fhiafraigh sí an féidir léi breathnú ar rang ar feadh lae.]

Roinn an rang i ngrúpaí beaga.

*In éineacht le do pháirtí comhrá:*

- *trí rud nó níos mó is féidir a dhéanamh ar an bpointe boise le fáil amach cé acu a oireann nó nach n-oireann duit i ndáiríre an post nó gairm bheatha sin gur dóigh leat go dtaitneodh sé leat a dhéanamh amach anseo.*
- *Luaigh na scileanna a bheadh ag teastáil chun na rudaí seo a dhéanamh.*

Faigh aiseolas ó shampla ionadaíoch de na grúpaí agus breac síos a gcuid freagraí ar an gclár dubh.

**Tabhair faoi deara:** Mura bhfuil an méid seo a leanas san aiseolas, cuir iad leis an liosta ar an gclár dubh agus fiafraigh de na daltaí na scileanna a lua a bheidh ag teastáil chun na rudaí seo a dhéanamh:

- Déan taighde ar cad a bheadh i gceist leis an bpost/gairm bheatha sin.
- Fiosraigh an bhfuil fostaíocht ann do dhaoine a oileadh chun an obair seo a dhéanamh, is é sin, cén seans atá ag duine post a fháil sa réimse seo?
- Déan taighde ar na cáilíochtaí oideachais agus gairmiúla atá de dhíth chun post/gairm bheatha mar seo a fháil agus na háiteanna inar féidir na cáilíochtaí seo a bhaint amach.

Aonad 1, Gníomhaíocht 3



**Larissa** | **Cuid 3**

Rinne mé tacaíocht foghlama i mbliana agus bhí páiste ann nárbh fhéidir léamh in aon chor. Thosaigh rudaí ag teacht le chéile de réir a chéile. Tháinig sé isteach lá amháin, chaith sé leabhar síos ar an mbord agus dúirt sé 'A Mhúinteoir, táim tar éis an leabhair sin a léamh ó thús deireadh!' agus bhí sé sin níos fearr dom ná na blianta ar fad le margaí móra agus an t-airgead.

Táim athraithe go hiomlán mar gheall ar an múinteoireacht. Táim sásta, is dóigh liom gurb é an focal is fearr. Is mór agam an méid a dhéanaim anois. Is difríocht mhór í sin leis an gcaoi a bhí cúrsaí roimhe seo. Ba mhór ag daoine eile an méid a rinne mé roimhe, ach ní raibh mé den tuairim chéanna. Mura bhfuil sé tábhachtach duit, is cur amú é.

Tá rud á dhéanamh agam ar cheart go mbeadh sé á dhéanamh agam agus tá sé tairbheach – tá sé níos fearr ná mar a cheap mé go mbeadh sé fiú. Níl cosúlacht dá laghad aige leis an taithí a bhí agam sa ghairm eile.

**SLEAMHNÁN 8**

**Nótaí an mhúinteora**

Ag brath ar do rang, seans nár mhiste cás-staidéar Larissa a léamh arís – Cuid 1 (Sleamhnán 4) agus Cuid 2 (Sleamhnán 7).


Iarr ar a bhfuil i láthair an bhfuil duine ann a bheadh sásta cás-staidéar Larissa a léamh – Cuid 3 (féach thuas).

*Tá post Larissa ag teacht lena luachanna pearsanta (na nithe ar den tábhacht iad sa saol, dar léi) agus ar an ábhar seo tá sí breá sásta lena cuid oibre. Déanfaidh sé maitheas duit má fhaigheann tú amach cad iad do luachanna pearsanta mar cabhróidh an t-eolas seo fút féin leat cinntí maithe a dhéanamh agus beidh dea-thionchar aige ar an gcaoi ina gcaitheann tú le daoine eile. Nuair atá na rudaí a dhéanann tú agus an tslí ina n-iompraíonn tú tú féin ag teacht le do chuid luachanna, bíonn an saol go maith agat de ghnáth. Is dual do luachanna a bheith measartha seasta, ach is féidir athrú teacht orthu de réir mar a théann tú in aois. Cuir i gcás, nuair nach bhfuil do ghairm bheatha ach ina thús, seans gurb é dul chun cinn sa saol - sa mhéid is féidir a leithéid a thomhas le hardú pá agus stádais a fháil - an rud is tábhachtaí duit. Ach nuair a bheidh clann ort, seans gur mór agat níos mó ama a chaitheamh sa bhaile.*

*Déan do mhachnamh ar feadh nóiméid ar na luachanna a bhfuil meas agat orthu i do shaol féin. Breac síos na focail a bhuaileann isteach i d'intinn.*

Déan plé ranga uile a éascú agus leas á bhaint agat as an leid seo a leanas:
*Dúirt Ken Robinson, duine a casadh orainn níos luaithe san aonad seo (Gníomhaíocht 1) tráth: 'An rud a dhéanann tú ar mhaithe leat féin, tabharfaidh tú é chun na huaighe leat... ach an rud a dhéanann tú ar mhaithe le daoine eile, mairfidh sé go deo'.*

- *Cén luach/cad iad na luachanna a thugtar le fios sa ráiteas seo?* [Freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt: altrúchas, aire a thabhairt do dhaoine eile, comhbhá, fónamh, neamhleithleasachas]
- *An dóigh leat go n-aontódh Larissa leis an ráiteas seo? Cén fáth? Cén fáth?*
- *An n-aontaíonn tusa leis an ráiteas seo? Cén fáth? Cén fáth?*
- *An freagra a thug tú ar an gceist dheireanach, an bhfuil leid le sonrú ann faoin bpost/faoin ngairm bheatha a d'fhéadfadh bheith oiriúnach duit?*




**SLEAMHNÁN 9**

**Nótaí an mhúinteora (Tabhair faoi deara: beidh gá leis an idirlíon chun an gníomhaíocht seo a dhéanamh) (3 bheochan ag * Cliceáil)**

Ag brath ar cá mhéad gléas atá ar fáil, roinn an rang ina mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga.

*Déanaimis roinnt taighde ar líne le léargas a fháil ar cad atá i gceist le poist/gairmeacha beatha éagsúla agus le fáil amach an bhfuil mórán post ann do na daoine ar oileadh iad le haghaidh post/gairmeacha den chineál seo.*

*Idir an bheirt agaibh/i measc an ghrúpa:*

- *Pléigh an post/gairm bheatha go mba bhreá leat a dhéanamh amach anseo. Mura bhfuil tú cinnte faoi, roghnaigh post/gairm bheatha a bhfuil cur amach agat air, an mhúinteoireacht, cuir i gcás. Déan liosta de na poist/gairmeacha beatha a phléann sibh.*
- *Faigh Rochtain ar an leathanach Earnálacha Gairme & Tionscail ar an suíomh gréasáin CareersPortal.ie* (Career & Industry Sectors | CareersPortal.ie)
- *Cuir gach ceann de na poist/gairmeacha ar do liosta leis an earnáil cheart, m.sh. bheadh múinteoir bunscoile nó meánscoile le fáil faoi 'Rialtas, Dlí agus Oideachas' i 'Oideachas agus Teagasc'.*
- *I gcás gach post/gairm bheatha, léigh an eolas faoin earnáil agus breac síos aon shonra spéisiúil faoi nó aon cheist a ritheann leat.*

Faigh aiseolas ó bheirteanna/ghrúpaí áirithe agus cinntigh go bhfuil na poist/gairmeacha beatha curtha leis na hearnálacha cearta acu chomh maith le haon cheist faoi rudaí a thug siad faoi deara a fhreagairt.

Uimhrigh na beirteanna/grúpaí– 1, 2 nó 3.

Oibrigh le chéile in bhur mbeirteanna/grúpaí le 1-2 de na poist/gairmeacha a roghnú le díriú isteach air don chuid eile den ghníomhaíocht.

*Cuirfear de chúram ar bheirteanna/ar ghrúpaí # 1 líon agus cineál na bpost á bhfógairt ar JobsIreland.ie a chíoradh*

*Fiosróidh beirteanna/grúpaí # 2 IrishJobs.ie Caithfidh beirteanna/grúpaí # 3 súil ar Publicjobs.ie.*

*** Cliceáil** chun na catagóirí poist ar JobsIreland.ie a thaispeáint

*Ba cheart do bheirteanna/grúpaí # 1 cuardach a dhéanamh ar 'gach post' (an chatagóir um shocrú oibre) ag 'bunleibhéil' (leibhéal gairme). Roghnaigh na hearnálacha a thagann leis an 1-2 phost/ghairm bheatha ar chomhaontaigh sibh go ndíreodh sibh orthu.*

*** Cliceáil** chun na catagóirí poist ar IrishJobs.ie a thaispeáint

*Ba cheart do bheirteanna/do ghrúpaí #2 cuardach a dhéanamh ar an 1-2 phost/ghairm bheatha (Teideal poist, scil nó cuideachta). Roghnaigh mar láthair oibre an áit ina bhfuil tú faoi láthair nó aon áit in Éirinn go mba mhaith leat dul ag obair ann.*

*** Cliceáil** chun na catagóirí poist ar Publicjobs.ie a thaispeáint

*Ba cheart do bheirteanna/do ghrúpaí #3 cuardach a dhéanamh de réir earnála (a thugtar catagóir air ar an suíomh gréasáin seo) agus de réir na gcontaetha is fearr leo in Éirinn.*

*I ngach mbeirt/i ngach grúpa, ba cheart duine amháin a bheith freagrach as cuardach a dhéanamh agus duine eile as nótaí a bhreacadh síos. Is féidir libh a bheith ag uainíocht ar a chéile.*

*Nuair a fheiceann tú post a spreagann do spéis, lean na naisc go dtí go n-aimsíonn tú mionchuntas faoi. Bíodh súil amuigh agat le haghaidh ceannteideal amhail post nó sainchuntas poist, príomhfhreagrachtaí, cáilíochtaí...aon cheannteideal ina bhfuil eolas maith le fáil faoin gcineál poist/gairme beatha atá i gceist.*


*Ag brath ar an eolas a aimsíonn tú, pléigh an méid sásamh poist a bheadh le baint as gach post/gairm bheatha, dar libh. An bhfuil sé ag teacht le do luachanna? An mbeifeá*

*sásta leis an gcothromaíocht oibre is saoil a bheadh i gceist lena leithéid seo de phost/de ghairm bheatha?*

Iarr aiseolas ar shampla ionadaíoch de bheirteanna/de ghrúpaí.

Déan plé ranga uile a éascú agus leas á bhaint agat as na ceisteanna seo a leanas mar leideanna:

- *Cad iad na scileanna a chuir sibh isteach le cuardach a dhéanamh ar fhostaíocht ar na suíomhanna gréasáin seo?*
- *Ar thaitin an ghníomhaíocht seo leat? Cén fáth? Cén fáth?*
- *An deacair duit é? Conas sin?*
- *Cén chomhairle a chuirfeá ar dhuine óg eile dá mba rud é go raibh sé ar intinn aige nó aici cuardach a dhéanamh ar na suíomhanna gréasáin seo?*
- *An mbainfidh tú leas as na suíomhanna gréasáin seo arís? Cén fáth? Cén fáth?*




**SLEAMHNÁN 10**

**Nótaí an mhúinteora**

*Scríobh an méid seo a leanas ar phíosa páipéir:*
*3 rud a d'fhoghlaim tú le linn an aonaid Conairí seo*
*2 cheist atá agat faoin bpost/faoin ngairm bheatha a thaitneodh leat b'fhéidir amach anseo 1 bheart amháin a d'fhéadfaí a dhéanamh le breis eolais a fháil faoin bpost/faoin ngairm bheatha seo*

*Beidh comhrac páipéir againn.*

*Déan liathróid de do phíosa páipéir i do dhorn.*

*Comhairimis go dtí a 3 agus ansin caith do liathróid páipéir le duine eile.*

*Ansin pioc suas liathróid páipéir (ceann nach leatsa é).*

*Oscail agus léigh é.*

*Breac síos in aice leis an ráiteas ar an bpáipéar aon aiseolas atá agat faoi.*

*Déan liathróid den pháipéar i do dhorn arís.*


*Comhairimis go dtí a 3 agus ansin caith do liathróid páipéir le duine eile.*

*Ansin pioc suas liathróid páipéir (ceann nach leatsa é).*

*Oscail agus léigh é.*

Déan plé ranga uile a éascú agus leas á bhaint agat as na ceisteanna seo a leanas mar leideanna:

- *Dlúthchuid de dhul ar scoil is ea cuimhneamh siar ar cad a d'fhoghlaim tú agus an chaoi inar fhoghlaim tú é. Cén fáth go bhfuil cuimhneamh siar chomh tábhachtach sin chun tairbhe a bhaint as oideachas, dar leat?*
- *Leagtar béim mhór sa tsraith shóisearach ar aiseolas a fháil agus a thabhairt – aiseolas idir piaraí agus ón múinteoir. Cén tairbhe atá le baint as aiseolas a fháil agus a thabhairt?*
- *Cad í an bhaint, dar leat, idir aiseolas agus cuimhneamh siar?*





**SLEAMHNÁN 11**

**Nótaí an mhúinteora**

Léigh gach intinn foghlama os ard.

Iarr ar na daltaí ordóg a thabhairt duit má bhraitheann siad go bhfuil an rún foghlama bainte amach acu, ordóg anuas má tá tacaíocht fós ag teastáil uathu agus dorn mura bhfuil siad cinnte.




**SLEAMHNÁN 12**

**Nótaí an mhúinteora**

Tá an ghníomhaíocht bhreise a mholtar ar an sleamhnán seo nasctha le gach gníomhaíocht san aonad seo.

Tionscadal Conaire
Institiúid Oideachais
Ollscoil Chathair
Bhaile Átha Cliath